Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2025 (OR. en)**

**6760/25 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0276(CNS)**

**ECOFIN 236**
**FISC 45**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Treoir maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais<br>– Comhaontú polaitiúil<br>= Ráiteas ón gCoimisiún |

## RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

Aontaíonn an Coimisiún leis an gComhairle gur gá a áirithiú go leanfaidh an teimpléad caighdeánach le haghaidh tuairisciú a leagtar amach i Roinn IV d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le DAC9 de bheith ailínithe go dlúth le Tuairisceán Faisnéise GloBE (GIR) a d'fhormheas Creat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS). Tá an t-ailíniú sin ríthábhachtach chun an t-ualach ar ghnólachtaí agus ar riaracháin chánach araon a íoslaghdú.

Leagfaidh an Coimisiún síos go pras, más iomchuí, aon togra reachtach is gá chun Roinn IV d'Iarscríbhinn VII a leasú, chun ailíniú le forbairtí idirnáisiúnta ábhartha a áirithiú agus is díol sásaimh dó gealltanas na Comhairle gníomhú chomh tapa agus is féidir chun an t-ailíniú sin a cheadú.